**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo** [ ]

**M48T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2004

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## ARDLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag dul do gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.**

**Roinn B**
Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile** a fhreagairt.
Tá **80** marc ag dul do Cheist **1**.
Tá **50** marc an ceann ag dul do Cheisteanna **2**, **3**, **4** agus **5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa leabhar freagraí ar leith atá curtha ar fáil.**


**Roinn C**
Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Is cóir d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe gan ach Ceist 2 <u>amháin</u> a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag dul d'ábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag dul d'ábhar roghnach **2**.
**Scríobh do chuid freagraí sa leabhar freagraí ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do pháipéar scrúdaithe a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe.**

# Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag dul do gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** **(a)** Comhlánaigh an léaráid chun bunstruchtúr ceimiceach aimínaigéid a thaispeáint. (4)



**(b)** Cad is aimínaigéad riachtanach ann? (2)

**2.** **(a)** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá ag aigéad ascorbach (Vitimín C) sa réim bia. (4)

(i)

(ii)

**(b)** Luaigh cén chaoi a gcuidíonn Vitimín C le hionsú iarainn. (2)

**3.** Luaigh éifeacht **<u>amháin</u>** ar an gcorp a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann ar leith de na heasnaimh chothaitheacha seo a leanas. (6)

| **Easnamh cothaitheach** | **Éifeacht** |
|---|---|
| Easpa - Tiaimín ($B_1$) | |
| Easpa - Aigéad Fólach | |
| Easpa - Cóbalaimín ($B_{12}$) | |

**4.** **(a)** Ainmnigh na **<u>trí</u>** phríomhchothaitheach atá le fáil in inspeirm ghrán cruithneachta. (3)

(i) ____________________ (ii) ____________________ (iii) ____________________

**(b)** Mínigh an téarma *geilitíniú.* (3)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**5.** **(a)** Cad is bia ionradaithe ann? (2)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(b)** Luaigh **<u>dhá</u>** éifeacht ag ionradaíocht ar bhia. (4)

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

**6.** Mínigh iad seo a leanas agus luaigh sampla d'úsáid gach ceann díobh. (6)

*Pacáistiú bith-indíghrádaithe* ______________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

*Úsáid* ______________________________________________________________

*Pacáistiú modhnaithe atmaisféarach* ________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

*Úsáid* ______________________________________________________________

**7.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** ábhar shalaithe a d'fhéadfadh dul isteach sa slabhra bia agus i ngach cás luaigh foinse a d'fhéadfadh a bheith leis agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcorp. (6)

| Ábhar salaithe | Foinse | Éifeacht ar an gcorp |
|---|---|---|
| (i) | | |
| (ii) | | |

**8.** Maidir le gach cothaitheach ar an liosta mol **<u>dhá</u>** fhoinse mhaithe den chothaitheach d'aiste bia veigeán. (6)

| Cothaitheach | Foinsí d'aiste bia veigeán | |
|---|---|---|
| Próitéin | | |
| Cailciam | | |
| Iarann | | |

**9.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** díobh seo a leanas: (6)

*Morgáiste blianachta* ______________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

*Morgáiste dearlaice*______________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**10.** **(a)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le ceannach ar cairde. (3)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**(b)** Sainaithin **trí** réimse atá rialaithe ag an Acht um Chreidmheas Tomhaltóirí (1995). (3)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________


(iii) ______________________________

**11.** **(a)** Liostaigh **dhá** airí inmhianaithe ag fabraic do throscán cumhdaithe. (2)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(b)** Cén t-eolas a chuireann an lipéad seo a leanas in iúl don tomhaltóir? (4)




______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**12.** Maidir leis an timpeallacht mínigh agus luaigh sampla de gach ceann díobh seo a leanas: (6)

*Acmhainn inathnuaite* ______________________________

______________________________

*Sampla* ______________________________

*Acmhainn neamh-inathnuaite* ______________________________

______________________________

*Sampla* ______________________________

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag dul do Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag dul do Cheisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** ***Tá éileamh níos mó de réir a chéile ar iasc agus ar bhia mara eile de rogha ar fheoil.***
*(Consumer Choice, Meitheamh 2001).*

Tugann an chairt seo a leanas sonraí eolais ar an gcineál éisc a itear.

**Meastachán ar bhia mara a itheadh in Éirinn, 1997 – 2001 (*tonnaí beomheáchain*).**

| **Cineál éisc** | **1997** | **1999** | **2001** |
|---|---|---|---|
| Bradán agus breac | 7,500 | 11,500 | 12,500 |
| Iasc geal | 36,850 | 34,500 | 33,125 |
| Tuinnín | 4,100 | 6,200 | 7,100 |
| Bia sliogán | 3,490 | 4,050 | 4,565 |

(Bord Iascaigh Mhara).

**(a)** Bain úsáid as an eolas sa tábla thuas agus déan trácht ar na treochtaí ithe éisc ag tomhaltóirí. Luaigh cúiseanna le treochtaí dá leithéid. (20)

**(b)** Tabhair mionchuntas ar luach cothaitheach éisc. (12)

**(c)** Luaigh cén fáth a moltar iasc olúil sa réim bia do dhuine le galar corónach croí. (6)

**(d)** Is foinse mhaith Vitimín D iasc olúil.
Tabhair cuntas ar Vitimín D agus déan tagairt do (i) airíonna, (ii) feidhmeanna bitheolaíocha agus (iii) ciondálacha cothaithe molta (RDA i mBéarla). (24)

**(e)** Tabhair cuntas ar **shé** thoisc bhunúsacha is cóir do thomhaltóirí a chur san áireamh nuair atá iasc úr **agus** táirgí éisc á gceannach acu. (18)

**2.** ***Sna blianta 1998 agus 1999 in Éirinn d'éirigh suas le 2,000 duine tinn le gastra-eintríteas ionfhabhtaíoch, saghas nimhiú ó bhia. B'iad na foinsí ionfhabhtaithe ba choitianta ná bialanna, óstáin agus caiféanna beir leat. Bhí roinnt cásanna i dtithe príobháideacha freisin.***
(An tÚdarás um Shábháilteacht Bia in Éirinn).

**(a)** Liostaigh **<u>cúig</u>** threoirlíne ba chóir a leanúint chun ullmhúchán agus stóráil shábháilte bia sa teach cónaithe a dheimhniú. (10)

**(b)** Mínigh cén chaoi ar féidir le córas Pointe Dianrialaithe Anailís Ghuaise (HACCP i mBéarla) tairbhe a dhéanamh do ghnólacht lónadóireachta chun briseadh amach nimhiú ó bhia a chosc. (12)

**(c)** Déan idirdhealú idir (i) nimhiú ionfhabhtaíoch ó bhia agus (ii) nimhiú tocsaineach ó bhia. (8)

**(d)** Ainmnigh agus tabhair mionchuntas ar chineál **<u>amháin</u>** ar bith baictéir nimhithe bhia. Déan tagairt do (i) foinsí d'ionfhabhtaithe, (ii) bianna ardphriacail agus (iii) siomtóim. (20)

**3.** ***Cónaíonn Brian agus Helen Mac Eoin lena mbeirt pháistí, Colm (4) agus Niamh (2). Tá an bheirt thuismitheoirí ag obair go lán-aimseartha agus tuilleann siad €3,250 d'ioncam glan eatarthu in aghaidh na míosa. Faigheann siad sochar leanaí freisin ar €250 sa mhí. €600 atá le haisíoc acu ar an morgáiste in aghaidh na míosa. Téann siad chun na hoibre sa charr teaghlaigh. Téann Colm agus Niamh go dtí an naíolann áitiúil gach lá.***

**(a)** Breacrianaigh na tosca is cóir do mhuintir Mhic Eoin a chur san áireamh agus buiséad an teaghlaigh á phleanáil acu. (12)

**(b)** Bain úsáid as an eolas thuas agus leag amach buiséad míosúil do mhuintir Mhic Eoin a dheimhneoidh bainistíocht éifeachtach ar na hacmhainní airgeadais. (16)

**(c)** Luaigh sonraí scéim árachais shláinte **<u>amháin</u>** a mholfá don teaghlach seo. Luaigh cúiseanna le do rogha. (12)

**(d)** Luaigh cén chaoi a bhfeidhmíonn an teaghlach mar aonad airgeadais laistigh den gheilleagar. (10)

4. ***Déanfaidh tomhaltóir stuama roghanna eolasacha agus earraí agus seirbhísí á roghnú aige/aici, beidh fhios aige/aici cén chaoi leis an luach is fearr a fháil ar airgead agus cén chaoi le sásamh a fháil má théann rudaí ó rath.***

**(a)** Pléigh **<u>trí</u>** thosca a mbíonn tionchar acu ar thomhaltóirí agus iad ag beartú ar earraí agus seirbhísí a roghnú. (12)

**(b)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** chineál asraon miondíola ina bhféadfaí fearais tí a cheannach. Luaigh buntáiste **<u>amháin</u>** agus míbhuntáiste **<u>amháin</u>** a bhaineann le gach asraon díobh. (12)

**(c)** Leag amach sonraí staidéir atá déanta agat ar fhearas tí ina bhfuil eilimint théite. Déan tagairt do:
(i) prionsabal oibre
(ii) treoirlínte chun an fearas a úsáid
(iii) éifeachtacht fuinnimh. (18)

**(d)** Breacrianaigh an ról atá ag an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) i gcosaint an tomhaltóra i gcás go mbeadh an t-earra fabhtach. (8)

5. ***Nochtann Daonáireamh 2002 na torthaí seo a leanas:***
- ***tá líon na ndaoine colscartha méadaithe faoi thrí ó 1996***
- ***tá an daonra ag dul in aois***
- ***tá meánlíon na bpáistí i dteaghlaigh laghdaithe go dtí 1.6.***

**(a)** Déan cur síos ar **<u>cheithre</u>** phríomhfheidhm atá ag an teaghlach sa sochaí nua-aimseartha. (16)

**(b)** Mínigh cén chaoi a bhfuil athrú tagtha ar ról daoine aosta sa teaghlach de bharr cúinsí sóisialta agus eacnamaíocha. (12)

**(c)** Breacrianaigh an fhorbairt stairiúil ar an teaghlach in Éirinn ó thús an 20ú hAois go dtí an lá inniu. (16)

**(d)** Luaigh cén chaoi a bhfuil cosaint ag an teaghlach ón Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh (1976). (6)

# Roinn C


**Ní mór ceist ar ábhar roghnach amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
**Is cóir d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe gan ach Ceist 2 <u>amháin</u> a fhreagairt sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) a fhreagairt mar aon le 1(b) <u>nó</u> 1(c).**

**1.(a)** ***Tá ceann de na rátaí úinéireacht tí is airde san Eoraip in Éirinn.***
Taispeánann an léaráid thíos na cineálacha tithe nua a tógadh in Éirinn i 2002.

**Cineálacha Tithe Nua (an tír iomlán) 2002**




(An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. Feasachán Bliantúil Tithtíochta, 2002).

(i) Déan anailís ar **<u>thrí</u>** chúinse a chuidigh le dáileadh na gcineálacha tithe nua mar atá léirithe sa phíchairt thuas. (15)
(ii) Breacrianaigh na cúinsí (a) sóisialta, (b) cultúrtha agus (c) timpeallachta a mbíonn tionchar acu ar na stíleanna tithíochta a roghnaítear. (15)
(iii) Déan cur síos ar an nós imeachta a bhaineann le cead pleanála a fháil chun teach a thógáil. (12)
(iv) Luaigh na sochair a bhaineann leis an Scéim Ráthaíochta Náisiúnta do Thógáil Tithe. (8)

**agus**

**1.(b)** ***Tá an iomarca aerála chomh holc le heaspa aerála mar is é an toradh a bhíonn air go minic ná teocht ró-íseal i seomraí, an iomarca séideán agus billí teasa arda.***

(i) Luaigh an tábhacht a bhaineann le dóthain aerála a bheith i dteach. (9)
(ii) Mínigh cén chaoi a soláthraítear aeráil nádúrtha i dteach nua-aimseartha. (9)
(iii) Mol modh oiriúnach aerála saorga i gcistin. Mínigh an prionsabal bunaidh a bhaineann leis an modh a moladh. (12)

**nó**

**1.(c)** ***Tá freagracht ar gach tomhaltóir úsáid éifeachtach a bhaint as fuinneamh.***

Maidir le húsáid fuinnimh sa teach tabhair sonraí ar:
(i) neamhthíosachtaí fuinnimh féideartha agus straitéisí chun tíosacht ar fhuinneamh a fheabhsú (18)
(ii) iarmhairtí astaíochtaí breosla ar an timpeallacht. (12)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) a fhreagairt mar aon le 2(b) nó 2(c).**

**2. (a)** ***Baintear úsáid go minic as éadaí chun dul i bhfeidhm ar dhaoine.***

(i) Déan sceitse agus cur síos ar fheisteas foirmeálta a chaithfeadh déagóir a bheadh ag dul faoi agallamh. (9)

(ii) Taispeáin:
(a) cén chaoi ar cuireadh na prionsabail dearaidh i bhfeidhm
(b) cén chaoi a léiríonn dearadh an fheistis seo treochtaí faisin faoi láthair. (16)

**agus**

**2. (b)** ***Déantar snáithíní éagsúla a chumascadh go minic chun fabraic a dhéanamh a thaispeánann na tréithe is fearr de na snáithíní a úsáideadh.***

Scríobh próifíl d'fhabraic chumaiscthe faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh snáithíní
- táirgeadh snátha
- airíonna fabraice
- úsáidí oiriúnacha den fhabraic. (15)

**nó**

**2. (c)** (i) Pléigh a bhfuil déanta ag Dearthóirí na hÉireann chun tionscal éadaigh na hÉireann a chur chun cinn. (9)

(ii) Breacrianaigh an ról atá ag an tionscal ceardaíochta san Fhaisean Éireannach. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) a fhreagairt mar aon le 3(b) nó 3(c).**

**3. (a)** ***I sochaí iarthionsclaíoch leagtar béim bhreise de réir a chéile ar an inniúlacht chun eolas, scileanna agus cumais a shealbhú go leanúnach i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor.*** (Tuairisc an Tascfhórsa ar Fhoghlaim Fadsaoil, 2002).

(i) Pléigh na tosca a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil oideachais. (12)

(ii) Ainmnigh agus tabhair sonraí ar **dhá** thionscnamh a d'fheabhsaigh na deiseanna ar oideachas dara seans a fháil. (14)

(iii) Déan anailís ar na cúiseanna a bhfilleann mórán daoine ar an oideachas tar éis dóibh an t-oideachas agus/nó an traenáil a rinne siad ar dtús a chríochnú. (24)

**agus**

**3. (b)** ***"Baineann 40% de thuismitheoirí a bhfuil páistí óga acu leas as seirbhísí chúram leanaí go rialta"*** (Lároifig Staidrimh, 2003).

(i) (a) Ainmnigh **dhá** chineál chúram leanaí atá ar fáil i do cheantar.
(b) Breacrianaigh na príomhthosca ba chóir do thuismitheoir a chur san áireamh agus rogha chúram leanaí a mheasunú. (14)

(ii) Pléigh na tosca a chuidigh le rannpháirtíocht na mban san fhórsa oibre a mhéadú. (16)

**nó**

**3. (c)** ***Tá méadú ar am fóillíochta de bharr athruithe ar na patrúin oibre.***

(i) Luaigh na tosca a bhfuil tionchar acu ar na patrúin fóillíochta teaghlaigh. (12)

(ii) (a) Ainmnigh **dhá** ghníomhaíocht fóillíochta atá ar fáil i do cheantar do dhéagóirí.
(b) Déan anailís ar an gcaoi a gcuidíonn **gach** gníomhaíocht ainmnithe le forbairt fhisiceach, shóisialta agus mhothúchánach déagóirí. (18)